III

*(Gníomhartha eile)*

# AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH

## CINNEADH Uimh. 107/2019 Ó CHOMHCHOISTE LEE

## an 8 Bealtaine 2019

## lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) a ghabhann le Comhaontú LEE [2022/2006]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/998 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2009/177/CE a mhéid a bhaineann le stádas na Cróite maidir leis an ngalar víris heirpéis koi (KHV), stádas na Fionlainne maidir le neacróis fhuilghinte ionfhabhtaíoch (IHN), liosta na limistéar in Éirinn atá saor ó *Bonamia ostreae*, liosta na limistéar sa Ríocht Aontaithe atá saor ó *Marteilia refringens* agus lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/221/AE a mhéid a bhaineann le liosta na limistéar sa Ríocht Aontaithe atá saor ón víreas heirpéis oisre - 1 µvar (OsHV-1 µvar) ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rinneadh Cinneadh 2006/80/CE ón gCoimisiún ([2]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE, a aisghairm le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1669 ón gCoimisiún ([3]) agus tá sé le haisghairm dá bhrí sin faoi Chomhaontú LEE.

(3) Is le reachtaíocht maidir le cúrsaí tréidliachta a bhaineann an Cinneadh seo. Ní bheidh feidhm ag an reachtaíocht a bhaineann le cúrsaí tréidliachta maidir le Lichtinstéin fad a leathnófar cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta chun Lichtinstéin a chumhdach, de réir mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasófar Caibidil I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE mar seo a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointí 89 (Cinneadh 2009/177/CE ón gCoimisiún) agus 94 (Cinneadh 2010/221/AE ón gCoimisiún) i gCuid 4.2:

"— **32018 D 0998**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/998 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2018 (IO L 178, 16.7.2018, lch. 9)."

([1]) IO L 178, 16.7.2018, lch. 9.
([2]) IO L 36, 8.2.2006, lch. 50.
([3]) IO L 278, 8.11.2018, lch. 28.

2. Faoin gceannteideal "GNÍOMHARTHA A dTABHARFAIDH STÁIT CSTE AGUS ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE AIRD CHUÍ ORTHU" i gCuid 1.2, scriostar pointe 22 (Cinneadh 2006/80/CE ón gCoimisiún).

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/998 san Íoslainnis agus san Ioruais, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2019, ar an gcoinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2019.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*

*An tUachtarán*

Claude MAERTEN

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.